*Uimhir* 43 *de* 1996

# An tAcht Toghcháin (Leasú), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 43 *de* 1996

# AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.
2. Ceantair vótaíochta agus áiteanna vótaíochta.
3. Ceanglas maidir le nósanna imeachta vótaíochta inrochtana a chur ar fáil.
4. Postvótáil a leathnú chuig daoine míchumasaithe.
5. Inrochtaineacht áiteanna comhairimh.
6. Forálacha idirthréimhseacha.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht Toghcháin, 1992 | 1992, Uimh. 23 |

*Uimhir* 43 *de* 1996

# AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ), 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT D'ATHMHEAS AN DLÍ TOGHCHÁIN A BHAINEANN LE VÓTÁIL AG VÓTÁLAITHE MÍCHUMASAITHE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE EILE MAIDIR LE TOGHCHÁIN.

[25 *Nollaig*, 1996]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

**1.—**(1) Féadfar an tAcht Toghcháin (Leasú), 1996 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 1996 a ghairm de na hAchtanna Toghcháin, 1992 agus 1995 agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

Ceantair vótaíochta agus áiteanna vótaíochta.

**2.—** Leasaítear leis seo an tAcht Toghcháin, 1992 in alt 28—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Féachfaidh gach údarás áitiúil, le linn scéim faoin alt seo a dhéanamh, le limistéir den sórt sin amháin a ligfidh don cheann comhairimh stáisiún vótaíochta amháin ar a laghad atá inrochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí a chur ar fáil ag gach áit vótaíochta",

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(5A) (*a*) I gcás nach mbeidh sé indéanta stáisiún vótaíochta atá inrochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí a chur ar fáil ag áit vótaíochta a bheidh ceaptha do cheantar vótaíochta le scéim a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire i leith contae nó contaebhuirge, féadfaidh an t-údarás áitiúil áit vótaíochta eile a cheapadh ag a mbeidh sé indéanta stáisiún vótaíochta a chur ar fáil atá inrochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí don cheantar vótaíochta sin.

(b) A luaithe is féidir tar éis áit vótaíochta eile a cheapadh do cheantar vótaíochta faoi mhír (a), tabharfaidh an t-údarás áitiúil fógra i scríbhinn don Aire i dtaobh shonraí an cheaptha sin.”,

agus

(c) trí “scéim faoin alt seo a dhéanamh agus áit vótaíochta eile a cheapadh faoi fho-alt (5A) do cheantar vótaíochta i scéim a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire” a chur in ionad “scéim faoin alt seo a dhéanamh” i bhfo-alt (6).

Ceanglas maidir le nósanna imeachta vótaíochta inrochtana a chur ar fáil.

**3.—**(1) Leasaítear leis seo an tAcht Toghcháin, 1992—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1) d’alt 94:

“(1A) Déanfaidh an ceann comhairimh, más indéanta, stáisiúin vótaíochta atá inrochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí a chur ar fáil.”,

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3) d’alt 94:

“(3A) Déanfaidh an ceann comhairimh, más indéanta, fógra poiblí i dtaobh na stáisiún vótaíochta uile atá inrochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí a thabhairt tráth nach déanaí ná an t-ochtú lá roimh an lá vótaíochta.”,

agus

(*c*) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*h*) d’fho-alt (5) d’alt 94:

“(*i*) cibé socruithe eile a éascóidh do vótálaithe a bhféadfaidh gur úsáideoirí cathaoireacha rothaí iad a bpáipéir bhallóide a mharcáil agus iad a chur sa bhosca ballóide,

(*j*) cibé socruithe dá bhforálfaidh an tAire le rialacháin agus a éascóidh do vótálaithe a bhfuil mallachar amhairc orthu a bpáipéir bhallóide a mharcáil gan chúnamh.”.

(2) Leasaítear leis seo na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995 (I.R. Uimh. 297 de 1995)—

(*a*) tríd an bhfo-airteagal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-airteagal (1) d’Airteagal 57:

“(1A) Déanfaidh an ceann comhairimh, más indéanta, stáisiúin vótaíochta atá inrochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí a chur ar fáil.”,

agus

(*b*) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*h*) d’fho-airteagal (5) d’Airteagal 57:

“(*i*) cibé socruithe eile a éascóidh do vótálaithe a bhféadfaidh gur úsáideoirí cathaoireacha rothaí iad a bpáipéir bhallóide a mharcáil agus iad a chur sa bhosca ballóide,

(*j*) cibé socruithe dá bhforálfar le rialacháin faoi alt 94(5)(j) d'Acht 1992, a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire, agus a éascóidh do vótálaithe a bhfuil mallachar amhairc orthu a bpáipéir bhallóide a mharcáil gan chúnamh.".

Postvótáil a leathnú chuig daoine míchumasaithe.

**4.—**(1) Leasaítear leis seo an tAcht Toghcháin, 1992—

(*a*) : trí ", nó" agus an mhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh "dáta cáilitheach" i mír (c) d'alt 14:

"(*d*) gur duine é a bhfuil gnáthchónaí air ag a áit chónaithe, agus a dhéanfaidh iarratas ar é a thaifeadadh amhlaidh agus a dheimhneoidh don údarás clárúcháin—

(i) go bhfuil an duine sin neamhábalta, mar gheall ar a thinneas coirp nó a mhíchumas coirp, dul chun vótáil é féin ag an áit vótaíochta dá cheantar vótaíochta, agus

(ii) gur dócha go mairfidh an tinneas coirp nó an míchumas coirp fad a leanfaidh an clár toghthóirí i bhfeidhm ar ina leith a dhéanfar an t-iarratas ar thaifeadadh mar phostvótálaí.",

(*b*) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 14:

"Forálacha d'fhorlíonadh alt 14

14A.—(1) Beidh feidhm ag Cuid III den Dara Sceideal maidir le hiarratas ar é a chlárú mar phostvótálaí de bhun alt 14 (*d*) amhail is dá mba thagairtí do 'liosta na bpostvótálaithe' tagairtí sa Chuid sin don 'liosta vótálaithe speisialta' agus dá mba thagairtí do 'alt 14 (*d*)' tagairtí do 'alt 17' agus 'alt 17(2)'.

(2) Maidir le hiarratas ar thaifeadadh i liosta na bpostvótálaithe faoi alt 14 (*d*) ó dhuine a bheidh taifeadta, ar dháta iarratas an duine sin, sa liosta vótálaithe speisialta a bheidh i bhfeidhm ansin, measfar nach é an chéad iarratas ar thaifeadadh i liosta na bpostvótálaithe é chun críocha Riail 19 (*c*) den Dara Sceideal arna chur chun feidhme le fo-alt (1) maidir le hiarratas ar thaifeadadh i liosta na bpostvótálaithe faoin alt sin 14 (*d*).",

(*c*) trí "agus ráiteas maidir leis na cionta agus na pionóis i ndáil le postvótáil atá i gCuid XXII" a chur isteach i ndiaidh "don vótálaí" i bhfo-alt (2) d'alt 66,

(*d*) trí mhír (*a*) d'fho-alt (2) d'alt 17 a scriosadh agus tríd an méid seo a leanas a chur ina hionad:

"(*a*) go bhfuil gnáthchónaí ar an toghthóir sin in ospidéal nó i dteaghlach nó i bhforas eile dá shamhail le haghaidh daoine a bhfuil tinneas coirp nó míchumas coirp orthu agus go bhfuil sé neamhábalta, mar gheall ar thinneas coirp nó míchumas coirp a bheith air, dul chun vótáil é féin ag an áit vótaíochta do cheantar vótaíochta an toghthóra sin; agus",

(*e*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4) d'alt 17:

"(5) Maidir le hiarratas ar thaifeadadh sa liosta vótálaithe speisialta faoin alt seo ó dhuine a bheidh taifeadta, ar dháta an iarratais, i liosta na bpostvótálaithe faoi alt 14 (*d*) a bheidh i bhfeidhm ansin, measfar nach é an chéad iarratas ar thaifeadadh sa liosta vótálaithe speisialta é chun críocha Riail 19 (*c*) den Dara Sceideal.",

(*f*) trí "i liosta na bpostvótálaithe nó sa liosta vótálaithe speisialta" a chur in ionad "sa liosta vótálaithe speisialta" i bhfo-alt (2)(*c*) d'alt 133,

(*g*) trí "agus postvótálaithe a chlárú de bhun alt 14 (*d*) " a chur isteach i ndiaidh "vótálaithe speisialta" i mír 2 den Tábla a ghabhann le mír (4) de Riail 1 den Dara Sceideal, agus

(*h*) trí "nó ar chlárú mar phostvótálaí de bhun alt 14 (*d*)" a chur isteach i ndiaidh "liosta vótálaithe speisialta" i mír 4 den Tábla a ghabhann le mír (4) de Riail 1 den Dara Sceideal.

(2) Leasaítear leis seo na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995 trí "agus ráiteas maidir leis na cionta agus na pionóis i ndáil le postvótáil atá i gCuid XV" a chur isteach i ndiaidh "don vótálaí" in Airteagal 31(2).

Inrochtaineacht áiteanna comhairimh.

**5.**—(1) Leasaítear leis seo an tAcht Toghcháin, 1992 tríd an méid seo a leanas a chur le halt 112 i ndeireadh an ailt sin:

"Cinnteoidh an ceann comhairimh, más indéanta, go bhfuil an áit a bheidh ceaptha go cuí faoin alt seo agus ag a gcomhairfear vótaí inrochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí.".

(2) Leasaítear leis seo airteagal 74 de na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995 tríd an bhfo-airteagal seo a leanas a chur leis i ndiaidh fho-airteagal (2):

"(3) Cinnteoidh an ceann comhairimh, más indéanta, go bhfuil an áit a bheidh ceaptha go cuí faoi fho-airteagal (2) agus ag a gcomhairfear vótaí inrochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí.".

Forálacha idirthréimhseacha.

**6.**—(1) Déanfaidh an tAire, le rialacháin, dátaí a fhorordú chun críocha mhíreanna 2 agus 4 den Tábla a ghabhann le mír (4) de Riail 1 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin, 1992 i leith iarratas ar thaifeadadh i liosta na bpostvótálaithe faoi alt 14 (*d*) den Acht sin don chlár toghthóirí a bheidh le foilsiú sa bhliain 1997.

(2) I gcás go ndéanfar rialacháin faoi *fho-alt (1)* den alt seo—

(*a*) measfaidh an t-údarás clárúcháin iarratas ar thaifeadadh sa liosta vótálaithe speisialta i leith an chláir sin ó thoghthóir a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi ag a áit chónaithe nó a háit chónaithe a bheith ina iarratas ar thaifeadadh i liosta na bpostvótálaithe de bhun alt 14 (*d*) den Acht Toghcháin, 1992,

(*b*) déanfaidh an t-údarás clárúcháin ainm gach toghthóra dá dtagraítear i *mír (a)* den fho-alt seo, agus ar i ndáil leis nó léi a dheonófar iarratas ar thaifeadadh sa liosta vótálaithe speisialta, a thaifeadadh i liosta na bpostvótálaithe agus, más cuí, déanfaidh

an t-údarás clárúcháin ainm aon toghthóra den sórt sin a bhaint den liosta vótálaithe speisialta lena mbaineann an t-iarratas, agus

(*c*) maidir leis an bhfógra a cheanglaítear ar an údarás clárúcháin a fhoilsiú de bhun Riail 21 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin, 1992, a chuirtear chun feidhme de bhua alt 14A (a chuirtear isteach leis an Acht seo) den Acht Toghcháin, 1992 maidir le hiarratas ar thaifeadadh i liosta na bpostvótálaithe faoi alt 14 (*d*) den Acht sin, áireofar tagairt ann, i ndáil leis an gclár sin, go measfar, maidir le haon iarratas ar thaifeadadh sa liosta vótálaithe speisialta a gheofar ó thoghthóir a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi ag a áit chónaithe nó a háit chónaithe, gur iarratas ar thaifeadadh é i liosta na bpostvótálaithe de bhun an ailt sin 14 (*d*),

(3) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo leagfar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas é a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. —. 42. 6/23. Essentra. (93717). Gr.30-15.

9 781399 303811